

IARRATAIS MAIDIR LE HATHRÚ ÚSÁIDE

SEICLIOSTA TREORACH

Mar aon leis na riachtanais reachtúla, seo roinnt rudaí eile a d'fhéadfadh a bheith riachtanach maidir le hiarratais a bhaineann le hathrú úsáide.

Is treoir é seo agus ní liosta uileghabhálach é ach d'fhéadfadh go gcabhródh sé leat moill a sheachaint agus d'iarratas á phróiseáil:

- Is gá stair uile an láithreáin a sheoladh isteach
- Má theastaíonn acmhainn bhreise (riachtanais uisce/screamhuisce/pháirceála) le haghaidh an iarratais ar athrú úsáide, cinntigh go dtugtar aghaidh air sin san iarratas, e.g. i bhforbairtí úsáide measctha, teastaíonn acmhainn bhreise má tá iarratas á dhéanamh athrú ó oifigí/foirgnimh thráchtála go tithe cónaithe.
Má theastaíonn acmhainn bhreise maidir le huisce agus dramhuisce, is gá dul i gcomhairle le hUisce Éireann.
Más in ionad cóireála dramhuisce (ar an láithreán) a théitear i ngleic le huisce eisilteach, teastaíonn sonraí uainn i dtaobh an Ionaid (áirimh, sonraí eile agus sonraí deimhnithe)
- Cinntigh go bhfuil ranníocaíochtaí forbartha a bhaineann leis an mbuniarratas agus atá dlite íochta
- Litreacha toilithe mura leat na seirbhísí combhoinnte, amhail na hionaid chóireála eisiltigh agus na háiseanna páirceála
- Sa chás go n-athraítear úsáid an láithreáin sa chaoi is gur tithe cónaithe a bheidh ann seachas rud éigin eile, cinntigh go gcomhlíontar caighdeáin sa spás oscailte príobháideach agus poiblí de réir an LAP/CDP
- Más athrú go crèche atá ann, mar shampla, is gá na sonraí uile a bhaineann leis an gcrèche a thabhairt e.g. amanna oscailte agus dúnta/ líon na bpáistí a bheidh ag freastal air/páirceáil/ cá bhfágfar na páistí / líon na mball foirne a bheidh ann agus riachtanais na Rialachán Cúram Leanáí etc.
- Sa chás go n-athraítear an úsáid go gníomhaíochtaí tráchtála, d'fhéadfadh gur gá eolas a thabhairt maidir le limistéar tuirlingthe/limistéar lódála/díluchtaithe/bainistiú dramháiola etc.
- Is gá cloí leis na treoirlínte ar fad a bhaineann le hachair urláir, idir threoirlínte pleanála miondíola agus threoirlínte ábhartha eile, agus, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh gá a bheith le Measúnacht Tionchair Miondíola.
- Cinntigh go bhfuil na foirgnimh a dteastaíonn iarratas athrú úsáide ina leith ag teacht leis an mbunchead a tugadh, nó d'fhéadfadh sé a bheith deacair coigeartuithe a rialú faoin iarratas a leagtar isteach.
- Ba cheart coinníollacha réamhforbartha a bhaineann leis an mbuniarratas (na buníarratais) a chomhlíonadh
- Ba cheart measúnú riosca i dtaobh AA agus Tuilte a bhreithniú más cuí
- Comharthaíocht/soilse/aghaidh na siopaí (más cuí) le breithniú agus le meas

- Riachtanais Chuid V le comhlíonadh mar chuid den iarratas ar athrú úsáide go forbairt tithíochta
- D'fhéadfadh go dteastódh measúnú torainn (fean eastarraingthe/ riachtanas inslithe torainn)
- RPS agus ACA le breithniú agus le cur san áireamh san fhógra más cuí
- Sceideal an achair urláir agus na cineálacha éagsúla úsáidí a bhainfear as le cur san áireamh